## PREASEISIÚINT Uimh. 126/24

**Lucsamburg, 30 Lúnasa 2024**

# Tiocfaidh leasuithe tábhachtacha ar rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair

*Leis na rialacha nua, cuirtear chun feidhme leasuithe ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus déantar nuachóiriú ar nósanna imeachta an dá chúirt sin*

Rinne an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta a **Rialacha Nós Imeachta** faoi seach a leasú d'fhonn an leasú ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh arna chinneadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme [1]. Chomh maith leis sin, déantar nósanna imeachta an dá chúirt sin a nuachóiriú agus a shimpliú. Rinne an Chomhairle na dréacht-leasuithe, a d'ullmhaigh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, faoi seach, a fhormheas i mí an Mheithimh, agus ghlac an dá chúirt na leasuithe sin go foirmiúil i mí Iúil [2]. Thairis sin, ghlac an Chúirt leagan nua de na **Treoracha Cleachtais do Pháirtithe** i ndáil leis na cásanna a thugtar os a comhair [3], agus ghlac an Chúirt Ghinearálta leagan nua de na **Rialacha Cleachtais** dá Rialacha Nós Imeachta [4].

**Na leasuithe ar an Reacht a chur chun feidhme**

Tá cuid de na rialacha nua beartaithe chun na leasuithe ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. Is éard atá iontu sin, go sonrach, na forálacha riachtanacha chun go bhféadfar dlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais a aistriú go páirteach chun na Cúirte Ginearálta, a bheidh infheidhme ón 1 Deireadh Fómhair 2024 [5].

Sonraítear sna **leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais**, sa chéad áit, **na nósanna imeachta faoina ndéanfar iarrataí ar réamhrialú arna gcur faoi bhráid na Cúirte a láimhseáil ar dtús**, d'fhonn a chinneadh cén chúirt a mbeidh dlínse aici chun iad a láimhseáil. Ina theannta sin, tugtar isteach na forálacha riachtanacha chun go láimhseálfar go pras **iarrataí ar réamhrialú a tharchuireann an Chúirt Ghinearálta ar ais chuig an gCúirt Bhreithiúnais**, ar an bhforas go n-éilítear breith ar phrionsabal leo ar dóigh dó difear ar dhéanamh d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais Eorpaigh. Ar deireadh, foráiltear leo do na **nósanna imeachta** maidir le **barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh** ag na daoine leasmhara **i gcásanna réamhrialaithe a chur ar fáil ar líne** laistigh de thréimhse réasúnta, ar nósanna imeachta iad a nglacfar cinneadh ina leith an 1 Meán Fómhair 2024, mura ndéanfaidh páirtí **agóid**. Tugtar treoir sna **Treoracha Cleachtais do Pháirtithe** faoin mbealach ina bhfuil na hagóidí sin le cur i láthair.

Baineann na **leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta**, sa chéad áit, le gnéithe áirithe a bhaineann le **struchtúr agus eagrú na Cúirte Ginearálta**. Go sonrach, foráiltear leo go mbunófar **Dlísheomra de mhéid idirmheánach** idir na Dlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna agus an Mór-Dhlísheomra ina bhfuil cúig Bhreitheamh déag, beidh **naonúr Breithiúna** sa Dlísheomra sin agus beidh **Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta** ina Uachtarán air. Sannfar **na hiarrataí ar réamhrialú ar Dhlísheomraí a mbeidh an cúram speisialta sin orthu**

agus ina mbeidh **cúigear Breithiúna** ina suí, gan dochar don fhéidearthacht iad a tharchur chuig foirmíocht eile, chuig an Dlísheomra de mhéid idirmheánach nó chuig an Mór-Dhlísheomra, ag brath ar dheacracht agus tábhacht an cháis. Toghfaidh an Chúirt Ghinearálta na Breithiúna a fheidhmeoidh mar **Abhcóide Ginearálta i gcásanna réamhrialaithe** agus iad siúd a thiocfaidh ina n-ionad i gcás nach féidir leo feidhmiú agus tabharfaidh siad cúnamh don fhoirmíocht inniúil i ngach cás réamhrialaithe, mar a dhéanann na hAbhcóidí Ginearálta in imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais. Sa dara háit, foráiltear le rialacha nua do **na nósanna imeachta faoina láimhseálfaidh an Chúirt Ghinearálta na hiarrataí ar réamhrialú** arna dtarchur ag an gCúirt Bhreithiúnais. Chun na ráthaíochtaí céanna a thabhairt do chúirteanna náisiúnta, agus do na daoine leasmhara, agus a chuireann an Chúirt Bhreithiúnais i bhfeidhm, **rinne an Chúirt Ghinearálta forálacha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Bhreithiúnais a bhaineann le hiarrataí ar réamhrialú a atáirgeadh,** faoi réir coigeartú chun comhleanúnachas na bhforálacha nós imeachta go léir a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCúirt Ghinearálta a chinntiú. Mar an gcéanna, a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar réamhrialú a láimhseáil, tá na **Rialacha Cleachtais** bunaithe go mór mór ar chleachtas na Cúirte Breithiúnais.

### Leasuithe eile ar na Rialacha Nós Imeachta

Tá rialacha eile ann nach mbaineann leis na leasuithe ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus atá ceaptha chun an bealach ina láimhseálann an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta na cásanna a thugtar os a gcomhair a fheabhsú, a shimpliú agus a nuachóiriú.

Maidir le **Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais**, foráiltear go sainráite le forálacha nua, atá beartaithe chun an taithí a fuarthas le linn na géarchéime sláinte a chur san áireamh, don fhéidearthacht, do na páirtithe agus dá n-ionadaithe, **pléadálacha a dhéanamh trí fhíschomhdháil**, faoi réir na coinníollacha dlíthiúla agus teicniúla a shonraítear sna Treoracha Cleachtais do Pháirtithe a chomhlíonadh. Thairis sin, rinneadh na rialacha maidir le **sonraí pearsanta** a chosaint, mar aon le **modhanna taiscthe agus seirbheála na ndoiciméad nós imeachta** a shoiléiriú. Ar deireadh, maidir le **héisteachtaí na Cúirte Breithiúnais a chraoladh,** rud a chuireann le trédhearcacht agus inrochtaineacht an chórais ceartais, leagtar amach i bhforáil nua nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm cheana le haghaidh éisteachtaí an Mhór-Dhlísheomra agus fógairt breithiúnais agus Tuairimí.

Cuirtear san áireamh sna **Treoracha Cleachtais do Pháirtithe** arna nglacadh ag an gCúirt Bhreithiúnais na leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus tugtar soiléiriú breise leo ar roinnt ceisteanna praiticiúla a bhaineann leis an gcuid i scríbhinn agus leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta.

Baineann na leasuithe eile ar **Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta** leis na pointí seo a leanas:

1. Deireadh a chur le táillí **Clárlainne** le haghaidh sleachta ón gclár, cóipeanna de dhoiciméid nós imeachta agus cóipeanna fíordheimhnithe d'orduithe agus breithiúnais.

2. Nuachóiriú ar na rialacha a bhaineann **le modhanna taiscthe agus seirbheála doiciméad nós imeachta**;

3. An fhéidearthacht bearta nós imeachta a ghlacadh **trí chinneadh amháin**, a raibh ordú le glacadh ina leith go dtí seo (atosú an chuid ó bhéal agus uamadh cásanna in éagmais iarraidh ar láimhseáil rúnda);

4. Teorannú na teorann ama chun **iarratas a leasú**, sa chás go gcuirfear beart in ionad beart a bhfuil neamhniú á lorg ina leith nó go ndéanfar é a leasú le beart eile leis an gcuspóir céanna.

5. An fhéidearthacht **beart fiosrúcháin a ghlacadh go díreach lena n-iarrtar faisnéis nó itim a thabhairt ar aird** gan beart eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh roimh ré;

6. Soiléiriú agus cuíchóiriú na rialacha a bhaineann le **hiarrataí tánaisteacha a shannadh** ar fhoirmíocht (ceartú, mainneachtain breith a thabhairt, iarratas ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal, imeachtaí tríú páirtí, athbhreithniú, díospóid a bhaineann leis na costais);

7. **Éisteachtaí na Cúirte Ginearálta a chraoladh**, nach dtarlóidh go dtí go dtiocfaidh cinneadh cur chun feidhme i bhfeidhm.

Mínítear agus sonraítear sna **Rialacha Cleachtais** arna nglacadh ag an gCúirt Ghinearálta forálacha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, go háirithe a mhéid a bhaineann le **cosaint sonraí pearsanta**, **láimhseáil rúnda sonraí áirithe** i gcaingne díreacha, **leagan amach doiciméad nós imeachta agus a n-iarscríbhinní** agus **rannpháirtíocht in éisteacht**, lena n-áirítear **trí fhíschomhdháil**.

Tá na Rialacha Nós Imeachta nua, a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024, chomh maith le leaganacha comhdhlúite den Reacht agus de Rialacha Nós Imeachta an dá chúirt, ar fáil ar shuíomh Curia faoi An Chúirt Bhreithiúnais/Nós Imeachta agus An Chúirt Ghinearálta/Nós Imeachta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Foilsíodh na leasuithe sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 12 Lúnasa 2024: Rialachán (AE, Euratom) 2024/2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; féach freisin Preaseisiúint Uimh. 125/24.

[2] Foilsíodh na leasuithe atá i gceist in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* freisin an 12 Lúnasa 2024 Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais [2024/2094] agus Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta [2024/2095].

[3] Treoracha Cleachtais do pháirtithe maidir le cásanna arna dtabhairt os comhair na Cúirte [...] foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an [2024/2173].

[4] Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta [2024/2097].

[5] Féach Preaseisiúint Uimh. 125/24.